

*Scéim na Gaeilge faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha
Oifigiúla 2003*

*Chun an tréimhse seo a leanas a chlúdach:
15 Meitheamh 2008 – 14 Meitheamh 2011.*

1. Réamhrá agus Cúlra

D'ullmhaigh Leabharlann Chester Beatty an scéim seo faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”).

Déanann *Alt 11* foráil ar ullmhúchán ó chomhlachtaí poiblí don scéim reachtúil ag cur síos ar na seirbhísí a sholáthróidh siad

- 1 trí mheán na Gaeilge,
- 2 trí mheán an Bhéarla, agus
- 3 trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla;

agus na bearta a ghlacfar leo chun a chinntiú go soláthróidh aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge laistigh d'amhráma comhaontaithe.

2. Ullmhúchán don Scéim Teanga

Scaip an Leabharlann fógra faoi alt 13 ar 11 Deireadh Fómhair 2006 chuig gach ball de bhunachar sonraí na Leabharlainne, a chuimsíonn cuairteoirí, patrúin, agus páirtithe leasmhara éagsúla eile. Fuarthas 3 cinn d'aighneachtaí.

3. Dáta tosaigh na Scéime

Dhearbhaigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an scéim seo. Tosaíodh an scéim le feidhm ó 15 Meitheamh 2008 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh thréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go ndearbhaíonn an tAire scéim nua faoi réir alt 15 den Act, cibé acu is túisce.

4. Forbhreathnú ar Leabharlann Chester Beatty

Agus í suite i gcroílár Chathair Bhaile Átha Cliath, is dánlann ealaíne agus leabharlann í Leabharlann Chester Beatty a bhfuil sárbhailiúchán lámhscríbhinní, mionphéintéireachtaí, priontaí, tarraingtí, leabhair annamha agus roinnt ealaíon maisiúil ann ar ar thionsaigh Sir Alfred Chester Beatty (1875-1968). Osclaíonn taispeántais na Leabharlainne fuinneog ar sheoda ealaíne mhórchultúr agus mhór-reiligiúin an domhain. Is féasta do shúile cuairteoirí é a bhailiúchán saibhir ó thíortha ar fud na hÁise, an Mheánoirthir, na hAfraice Thuaidh agus na hEorpa. Ainmníodh an Leabharlann mar Dhánlann Éireannach na Bliana in 2000 agus bronnadh an duais Dánlann Eorpach na Bliana uirthi in 2002, an chéad agus an t-aon uair ar bronnadh an onóir seo ar dhánlann Éireannach.

Bhí clú agus cáil ar an Leabharlann i measc scoláirí ar feadh níos mó ná seachtó cúig bliain mar stór ar chuid de na lámhscríbhinní Luath-Chríostaí, Ioslamacha, agus Óirthear na hÁise is tábhachtaí de go leor cineálacha. Aithnítear í mar acmhainn ríthábhachtach chun tuscint a fháil ar stair théacsach maidir le scríoptúr naofa ó chuid mhór de mhór-reiligiúin an domhain.

Nuair a fuair Beatty bás i 1968, tiomnaíodh an bailiúchán ar iontaobhas ar mhaithe leis an bpobal. Tacaíonn Rialtas na hÉireann go fial leis agus tá sé ar cheann d'Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta na hÉireann. Maireann a bhailiúchán ríluachmhar mar chomóradh ar spiorad agus fhialmhaitheas Chester Beatty.

Tá os cionn 6,000 lámhscríbhinn le fáil ar pháipéar, ar pháirpháipéar agus i meáin eile i mbailiúcháin Chester Beatty, mar aon le tuairim is 4,000 leabhar mhíne agus luathfhoilsithe, agus na céadta míreanna eile a bhaineann le healaíona maisiúla. Ar na seoda is tábhachtaí de chuid na Leabharlainne tá na paipírí bíobalta agus Mainicéacha, na mór-bhailiúcháin de lámhscríbhinní Ioslamacha (lena n-áirítear os cionn 300 cóip iomlána nó neamhiomlána de chuid an Chóráin Naofa), agus lear mór saothar fealsúnachta, liotúirge agus creidimh spioradálta ón tSín, ón tSeapáin, agus ó Oirdheisceart na hÁise agus ón India Neamhioslamach. Tá lámhscríbhinní dathmhaisithe ón Éigipt, ón Leiveaint, ón mBiosáint, ó iarthar na hEorpa, ón Aetóip, ón Rúis agus ón tSeirbia, agus cartlann shuimiúil ar cháipéisí a bhaineann le Misin Chríostaí ar Oirthear na hÁise sa seachtú haois déag agus go luath san ochtú haois déag i measc na mbailiúchán Críostaí. I measc na mbailiúchán Ioslamach tá os cionn 2,700 lámhscríbhinn a phléann le scoláireacht, le dlí Ioslamach, le hurnaí agus tráchtáireacht ar bheatha an Fháidh, le cúrsaí míochaine, le cúrsaí matamaitice, le cúrsaí eolaíochta agus leabhair oilithreachta. Ina dteannta siúd, atá dathmhaisithe le hornáid teibí, tá codaisí le léaráidí sármhíne ón bPeirs, ón Tuirc agus ó Chúirt Mhogálach na hIndia. Is léir go bhfuil bailiúcháin thábhachtacha i seilbh na Leabharlainne a thugann léiriú ar stair na Críostaíochta agus Smaointeoireacht Críostaí, stair an Ioslaim agus ar fhoghlaím agus spioradáltacht Ioslamach, agus ar thraidisiúin Oirthear na hÁise lena n-áirítear Daochas, Confúiceachas, Búdachas Zen, Búdachas, Jaineachas, Saíceachas agus riar maith eile nach iad. Tá an bailiúchán saibhir freisin ó thaobh saothair ealaíne de nach bhfuil tréith shainreiligiúnach ag roinnt leo ach atá ina n-acmhainní ríthábhachtacha i dtaca le stair na scríbhneoireachta agus an leabhair ar fud an tSean-Domhain.

I dteannta na mbailiúchán atá ar taispeáint óna bailiúchán buan, bíonn taispeántais shealadacha speisialta ag an Leabharlann. Reáchtálann sí clár poiblí lán le himeachtaí freisin a chuimsíonn comhdhálacha, léachtaí, ceardlanna agus léirithe.

5. Cuairteoirí

Fáiltíonn an Leabharlann roimh chuairteoirí agus thaighdeoirí ó gach cearn den domhan; thug os cionn 250,000 duine cuairt ar an Leabharlann in 2007.

6. Áiteanna Feidhme sa Leabharlann

Feidhmíonn an Leabharlann go príomha mar dhánlann ealaíne le dhá urlár de dhánlanna taispeántais. Tagann cuairteoirí isteach sa Leabharlann tríd an ngairdín i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Is spás galánta nua-aimseartha é an halla isteach gloinedhín a cheanglaíonn foirgneamh an 18^ú haois déag leis na dánlanna taispeántais nua saintógtha. Ar urlár na talún, is féidir le cuairteoirí taitneamh a bhaint as léiriú closamhairc ar bheatha Sir Alfred Chester Beatty agus a shárbhailiúchán ealaíne. Tá léachtlann, bialann agus siopa ar an leibhéal seo freisin.

Tá na danlanna taispeántais suite ar an gcéad urlár agus ar an dara hurlár. Rinneadh athchóiriú le deireanas ar an Dánlann *Traidisiúin Ealaíonta* chun taispeántas buan nua a chuimsiú *Ealaíona an Leabhair* a bheidh oscailte don phobal i mBealtaine 2008. Anseo, bedh cuairteoirí in ann féachaint ar leabhair ón domhan ársa lena n-áirítear na lámhscríbhinní atá cáiliúil ar fud an domhain Dánta Grá Chester Beatty (c.1160 RC), Leabhair Éigipteacha na Marbh agus lámhscríbhinní Eorpacha sár-dathmhaisithe de chuid na meánaoise agus leabhair phriontáilte mhíne Eorpacha, mar aon le priontaí na Seanmháistrí. Féachfaidh an taispeántas ar shaibhreas thraidisiúin na lámhscríbhinní Ioslamacha - léaráidí agus maisithe le dathanna, callagrafaíocht, agus beidh ceangail leabhar glémhaiseacha ó cheann ceann an Mheánoirthir agus na hIndia ar taispeáint. I measc na sárshaothar ó Oirthear na hÁise tá ceann de na bailiúcháin leabhar is áille maidir le séad Síneach ar domhan, scrollaí pictiúir Seapánacha a léiríonn fabhalscéalta agus fínscéalta, agus priontaí bloc adhmaid fíorghalánta. Cuirfear cláir chlosamhairc leis an taispeántas, ag cabhrú leis an gcuairteoir chun níos mó a fhoghlaim faoi ealaíona an leabhair ar fud an domhain.

Tá an dánlann *Traidisiúin Naofa* tíolactha do mhór-reiligiúin an domhain lena n-áirítear Giúdachas, Críostaíocht, Ioslam, Búdachas agus Hiondúchas. Feachann na cláir chlosamhairc ar an oilithreacht Mhoslamach go Meice, ar bheatha Chríost agus Bhúda, agus ar dheasghnátha imeachta – breith, pósadh agus bás – i gcórais chreidimh dhifriúla. I measc na n-ábhar sárscéimhe ar taispeáint tá sárchóipeanna dathmhaisithe den Chórán ón 9ú haois go dtí an 9ú haois déag; paipirí ársa, lena n-áirítear na dánta grá cáiliúla Éigipteacha ó thuairim is 1100 RC; agus roinnt de na téacsanna Soiscéil agus Nua-Thiomna is luaithe, ag dul siar go dtí c. 200 AD. Is foinse bhunriachtach í bailiúchán téacsanna Nua-Thiomna Chester Beatty maidir le lámhscríbhinní luath-Chríostaíochta agus an Chórán a thaispeánann na léiriúcháin is fearr i dtaca le Ioslam ó thaobh callagrafaíochta agus mionléiriúchán ornáideach de. Beidh scrollaí míne agus saothair

ealaíne eile ón tSín, ón tSeapáin, ón Tibéid agus ó Dheisceart agus ó Oirdheisceart na hÁise ar taispeáint freisin.

Tá seomra léitheoireachta sa Leabharlann freisin le bailiúchán mór agus méadaitheach de leabhair thagartha. Is féidir le cuairteoirí (nach mór dóibh cur isteach ar thicéad léitheora ar dtús) obair leo sa seomra álainn seo ar chéad urlár Fhoirgneamh an Chloighí, a chuimsíonn an tsiléáil mhírlaiceir de réir stíl Shíneach a chruthaigh Chester Beatty i dtosach dá theach cónaithe i Londain. Rinne Hicks Bhaile Átha Cliath na leabhragáin i 1950.

7. Measúnú ar cé chomh fairsing is atá seirbhísí ar fáil cheana féin trí Ghaeilge

Billeoga:

- 1 Tá an príomhbhilleog eolais don Leabharlann ar fáil don phobal i gclúdach ar leith. Ó am go chéile, soláthraíonn an Leabharlann billeoga do thaispeántais shealadacha (2-3 mhí ar fhad) ach ní fhéadfar iad seo a aistriú go Gaeilge, de bharr cúrsaí ama agus cúrsaí tráchtála.

Scileanna Teanga:

- 1 D'fhreastail an fhoireann ar chúrsaí eagsúla Scileanna Gaeilge. D'fhreastail cúigear ball foirne bhreise ar chúrsaí Gaeilge in 2007 agus leanfar de chúrsaí a thairiscint don fhoireann ag gach leibhéal.

Treoraí Turais:

- 1 Tá Treoraí Turais Deonach amháin ar fáil le turais ar an Leabharlann a sholáthar i nGaeilge ach é a iarraidh agus sholáthair an té seo turas i nGaeilge gach Deireadh Seachtaine Fhéile Pádraig le cúpla bliain anuas.

Painéil Eolais:

- 1 Tá gach painéal réamhléiritheach i ngach roinn de na Danlanna Taispeántais Bhuana i nGaeilge agus i mBéarla araon. Cuireadh painéil dháttheangacha nua lenár nDánlann áthchóirithe agus lenár dtaispeántas buan *Ealaíona an Leabhair* atá le hathoscailt don phobal i mBealtaine 2008.

Cuirí:

- 2 Tá gach cuireadh do thaispeántas i mBéarla agus i nGaeilge araon.

Ríomhphost:

- 1 Tá an gnáthshéanadh ar gach ríomhphost ar fáil go dátheangach.

8. Tá an Leabharlann tiomanta do bhun a chur leis na bearta seo a leanas faoi dheireadh na Scéime:

Foireann Oibre:

Leanfar de chúrsaí a thairiscint agus spreagadh a thabhairt do bhaill na foirne freastail (a fheidhmíonn mar oibreoírí fáiltithe / lasc-chláir ar bhonn uainchláir – 12 ball) chun freastal ar ranganna Gaeilge d'fhonn a chinntiú go mbeidh gnáthchleachtas Seirbhís Ardchaighdeánach do Chustaiméirí faoi dheireadh na scéime ann in earnáil na bhfáilteoirí/na n-oibreoírí lasc-chláir rud a chialaíonn:

- Go mbeidh foireann fáiltithe/lasc-chláir in ann ainm na Leabharlainne a thabhairt i nGaeilge
- Go mbeidh siad cleachtach ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge.
- Go mbeidh socruithe oiriúnacha ann ionas go bhféadfaí an pobal a chur i dteagmháil le hoifigigh atá freagrach as seirbhísí a sholáthar i nGaeilge, nuair atá a leithéid ar fáil.

Ríomhthreoir:

- 1 Cuirfear turas ilmheáin na Leabharlainne ar fáil i nGaeilge.

Foilseacháin:

- 3 Foilseoidh an Leabharlann a Príomhthreoir do na Bailiúcháin i nGaeilge.

Preaseisiúintí:

- 1 Soláthrófar gach preaseisiúint i nGaeilge agus cuirfear iad chuig na meáin Ghaeilge ábhartha.

Taispeántais:

- 2 Leanfar de gach athrú ar na Danlanna Taispeántais Bhuana painéil ghrafaice Ghaeilge a chur san áireamh ar cóimheas 50:50.

Láithreán Gréasáin:

- 2 Beidh na ranna seo a leanas de láithreán Gréasáin na Leabharlainne ag clúdach an eolais ghinearálta do chuaríteoirí agus thaighdeoirí féideartha ar fáil go dátheangach faoi 30 Meitheamh 2009: *Fúinn féin, Pleanáil Cuairt, Tacaigh leis an Leabharlann*, agus ranna ar leith maidir le *Oideachas, Taispeántais, Siopadóireacht a dhéanamh agus Bailiúcháin*.
- 3 Tá foirm amháin ar líne againn do shiopa na Leabharlainne – cuirfear í seo ar fáil i nGaeilge agus cuirfidh foirm ar líne amach anseo ar chumas cuairteoirí chun a sonraí a chur isteach i nGaeilge dá mba mhian leo é. Níl seirbhísí idirghníomhacha ann ar an láithreán Gréasáin reatha. Má sholáthraítear aon seirbhísí idirghníomhacha a ligeann don mhórphobal iarratais a dhéanamh le linn an chúrsa, cuirfear ar fáil iad i bhformaid dhátheangach.

Córais Ríomhaireachta:

- 2 Tá gach córas ríomhaireachta na Leabharlainne curtha in oiriúint don Ghaeilge i láthair na huair agus cuirfear aon chóras nua atá á suiteáil in oiriúint don Ghaeilge freisin. Tabharfaidh an Leabharlann Córas Bainistíocht Bailiúchán isteach a bheidh curtha in oiriúint don Ghaeilge.

Oiliúint agus Earcaíocht:

- 2 Leanfaidh den Leabharlann an fhoireann Freastail/Fáiltithe agus baill foirne eile a nua-oiliúint ó thaobh scileanna de trí leanúint de chúrsaí Gaeilge éagsúla a thairiscint.
- 3 Liostálfar eolas ar an nGaeilge mar ‘buntáiste’ ó thaobh earcaíocht maidir le Lucht Freastail agus le baill foirne eile amach anseo.

9. Monatóireacht agus Athbhreithniú

Leanfaidh Stiúrthóir agus Bainisteoir Oibríochtaí na Leabharlainne d'athbhreithniú a dhéanamh ar oibríocht éifeachtach na scéime seo.

Déanfaidh an Bainisteoir Oibríochtaí an fheidhm mhonatóireachta lá go lá a thuairisceoidh don Stiúrthóir agus do Bhord na nLontaobhaithe ar bhonn rialta.

10. Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe

Déanfar poblíocht don mhórphobal ar ábhair na scéime seo mar aon le tiomantais agus forálacha na scéime trí na meáin seo a leanas:-

- 4 Eolas a chraobhscaoileadh chuig gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí oiriúnacha;
- 5 An Láithreán Gréasáin.

Ina cheann sin, dá luaithe is a bheidh an Leabharlann in acmhainn seirbhísí a sholáthar de réir mar a léirítear, déanfar poiblíocht air seo sa bhealach a léirítear thuas.

Cuireadh cóip den scéim seo chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla freisin.